De réir Alt 26(a) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, caithfidh an Coimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a bheadh faofa ag an Aire Iompair, le comhthoiliú an Aire Airgeadais, agus iad a chur isteach le bheith iniúchta chuig an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas. Agus é ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ní mór don Choimisiún:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach

- breithiúnais agus meastúcháin atá réasúnta, stuama a dhéanamh

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin cuí

- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chóra chuntais a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta in am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin, agus a chuireann ar a chumas dó a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais de réir Mhír 26 den Acht. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh leis an gcalaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **Dáta**

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais An Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Choimisiúin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Coimisiún na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhalta an Choimisiúin leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Choimisiúin.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Choimisiúin ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCoimisiún. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 **Meitheamh 2008**

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht ghinearálta ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Dearadh an córas le cinnteacht réasúnta, ach ní cinnteacht iomlán, a thabhairt in éadan míráitis nó caillteanais ábhartha.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh a chinntíonn go ndéanfar rudaí de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagraíochtúil curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na rudaí seo soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, scaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá creat láidir rialaithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún, a chlúdaíonn gach limistéar rialaithe. Tá na rudaí seo a leanas cuimsithe sa chóras rialaithe inmheánaigh:

- Struchtúr eagraíochtúil atá soiléir sainithe, le teorainneacha sainithe údaráis agus meicníochtaí tuairiscithe do leibhéil níos airde den bhainisteoireacht agus don Choimisinéir, a thacaíonn le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil;
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe agus buiséad bliantúil faofa ag an gCoimisinéir;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe a chlúdaíonn feidhmiúcháin airgeadais, a tharlaíonn ar bhonn tráthúil rialta agus a bhfuil aidhm aige a chinntiú go ndéanfar scrúdú ar athraithis bhuiséadacha agus go ndéileáiltear leo go gasta;
- Tacar cuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe airgeadais;
- Clár Riosca atá athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an bhfoireann bainisteoireachta. Tá an Coimisiún ag obair le hiniúchóirí inmheánacha le riosca iarmharach a thabhairt chun grinnis, a aithint agus a bhainistiú.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí 31 Nollaig 2007, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **Dáta**

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

1. Bonn na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, seachas mar a shonraítear thíos agus de réir prionsabail chuntasaíochta a ghlactar leo go forleathan faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta, de réir mar a éiríonn siad feidhmeach. Is é an Euro an t-aonad airgid ina n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais.

2. Aitheantas Ioncaim

Tugtar ioncam ó Thobhach Eitlíochta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé.

Tugtar ioncam táillí ó oibríochtaí trádála taistil chun cuntais sa bhliain ina n-eisítear an ceadúnas.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carnta. Is é tairseach caipitlithe an Choimisiúin ná €1,500. Ríomhtar dímheas d’fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a bheatha úsáideach mheasta mar a leanas:

Troscán agus Feistí	5 Bliaina
Trealamh Oifige	10 mBliaina
Trealamh Ríomhaire	5 Bliaina

4. Bannaí don Trádáil Tráchta agus an Ciste Cosanta Taistealaithe

Aistríodh freagracht as ceadúnú na ngníomhairí taistil agus na n-oibreoirí turas a riar de réir an Achta um Iompar (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, mar a leasaíodh, ón Roinn Fiontar Poiblí chuig an gCoimisiún ar lá a bhunaithe, 27 Feabhra 2001.

Mar atá riachtanach faoi Alt 13 den Acht sin, coinnítear airgead a lóisteálann gníomhairí taistil mar bhannaí i gcuntais bhainc ar leith faoi rialú an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún íocaíochtaí de bhun éileamh a dhéantar ar na bannaí de réir mar a tharlaíonn siad. Cuirtear i gcuntas na fuílligh nár caitheadh ar chuntais bhanna amhail 31 Nollaig 2007 mar chreidiúnaithe.

Bunaíodh Ciste Cosanta Taistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Oibreoirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, le soláthar a dhéanamh d’aon ghannchion ar na bannaí taistil maidir le caillteanais nó dliteanais a dtéann custaiméirí gníomhairí taistil agus oibreoirí turas fúthu. Coinnítear cuid d’airgead an Chiste i gcuntas infheistíochta bainistithe agus rialaithe ag an Aire Airgeadais agus cuid eile i gcuntas reatha bainistithe agus rialaithe ag an gCoimisiún. Láimhseáiltear an Fuílleach ar an dara cuntas thuas mar chreidiúnaí sna ráitis airgeadais seo.

Is é an Coimisiún a riarann na cuntais bhanna agus an Ciste agus faigheann an Coimisiún a gcostais ar ais ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí an Achta. Ullmhaítear cuntais airgeadais ar leith do na cuntais bhanna agus don Chiste Cosanta Taistealaithe agus déanann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas iniúchadh ar leith orthu.

5. Aoisliúntas

Oibríonn an Coimisiún scéimeanna pinsin maoinithe ranníocaíocha pinsean-sainithe faoi ailt 20 agus 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Oibrítear na scéimeanna ar bhonn riaracháin ar feitheamh fhaomhadh an Aire. Ghlac an Coimisiún le soláthar iomlán de shochair scoir FRS 17 i 2007. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin ar luach cothrom. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta. Má tá dliteanais na scéime níos mó ná sócmhainní na scéime, cuirfear sin i láthair ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Is é atá sa mhuirear pinsin sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná costas reatha na seirbhíse móide an difríocht idir an t-aischur a bhfuiltear ag dúil leis ar shócmhainní scéime agus costas úis na ndliteanas scéime.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ag teacht ann mar gheall ar athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh taithí i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas don bhliain ina tharlaíonn siad.

6. Cuntas Caipitil

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná luach gan amúchadh an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

7. Leithdháileadh na gCostas

Taifeadtar ioncaim agus caiteachais a bhaineann le gach gnóthas i gcuntais an ghnóthais sin. Leithdháiltear costais chomhroinnte foirne agus forchostais roinnte chuig gach gnóthas de réir an ama a chaith an fhoireann ar gach gnóthas. Tá córas Coimisiúin in-aisghabhála costais leagtha amach ina Pháipéar Cinnte ar Thobhaigh de 2007.

8. Airgeadra Coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a rinneadh in airgeadra coigríche agus a bhaineann le hioncam agus le costais a aistriú i Euronna ar an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ar na dátaí a ndearnadh na hidirbheartaíochtaí orthu.

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

Ioncam	Nótaí	2007 Iomlán €	2006 Iomlán €
Fáltais Thobhaigh	2	3,745,336	2,675,170
Táillí Ceadúnais	2	408,136	443,433
Eile		9,039	8,570
Ollioncam		4,162,511	3,127,173
Aistriú (go)/ ó Chuntas Caipitil	10	791	21,715
Glanioncam		4,163,302	3,148,888
Caiteachas			
Tuarastal	4	1,592,199	1,458,033
Costais Phinsin	11	54,229	52,182
Comhairleoireacht		475,525	539,434
Táillí Dlí		475,383	646,145
Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí		150,213	70,989
Taisteal agus Maireachtáil		15,762	12,489
Oiliúint		50,158	38,918
Táille Iniúchta		13,200	12,000
Cothabháil Gréasáin		26,509	25,653
Cíos		285,140	283,356
Leictreachas		9,391	7,393
Cothabháil Oifige		9,964	4,935
Árachas		75,418	85,977
Páipéarachas Oifige		29,569	23,635
Postas agus Iompar		3,722	4,684
Teileafón		13,130	10,204
Éascú Sceideal Aerfort Bhaile Átha Cliath		298,265	329,235
Dímheas		20,969	21,715
Muirear Seirbhíse		42,893	42,953
Rátaí		31,363	30,199
Eile		113,522	156,055
		3,786,524	3,856,184
Barrachas /(Easnamh Oibriúcháin	15	376,778	(707,296)
Fuílleach amhail 1 Eanáir		(742,988)	(35,692)
Fuílleach amhail 31 Nollaig		(366,210)	(742,988)

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

	Nótaí	***Bliain dar críoch 31/12/07***	***Bliain dar críoch 31/12/06***
		€	***€***
Barrachas/ (Easnamh) Oibriúcháin		376,778	(707,296)
Gnóthachan/ (easnamh) achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	11	(228,410)	(118,579)
Iomlán na nGnóthachan agus (na gCaillteanas) Aitheanta		148,368	(825,875)

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh airgid agus na nótaí 1 go 20.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2007

			2007		2006
	Nótaí	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Intadhaill	5		42,272		43,063
Sócmhainní Reatha					
Cuntais Bhainc	6	15,574,366		19,724,431	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	7	1,032,038		398,521	
		16,606,404		20,122,952	
Creidiúnaithe Méideanna atá dlite laistigh d’aon bhliain amháin					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	8	(563,529)		(1,138,836)	
Cuntais Bhannaí Airgid Thirim	6	(15,211,964)		(19,150,133)	
		(15,775,493)		(20,288,969)	
Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)			830,911		(166,017)
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha			873,183		(122,954)
Forálacha do Dhliteanais agus do Mhuirir	9		(1,245,000)		(625,000)
Dliteanais Ghlana Gan Dliteanas Pinsin			(371,817)		(747,954)
Glan-Sócmhainn Phinsin/(Dliteanas)			(268,180)		(39,620)
GlanSócmhainní/ (Dliteanais) lena n-áirítear Sócmhainní Pinsin (Dliteanas)			(639,997)		(787,574)
Maoinithe Ag					
Barrachas/ (Easnamh) Cuntas Ioncaim & Caiteachaos			(366,210)		(742,988)
Cuntas Caipitil	10		42,272		43,063
Cúltaca Pinsin			(316,059)		(87,649)
Cúltaca lena n-áirítear Dliteanas Pinsin			(639,997)		(787,574)

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreafa Airgid agus na Nótaí 1 go 20.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Réiteach an bharrachais oibriúcháin chuig glan Insreabhadh /Eis-sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas		376,778	(707,296)
Difríocht idir Costas Pinsin agus Ranníocaíocht Fostaitheora		150	1,011
Dímheas	5	20,969	21,715
Ús Bainc		(7,271)	(6,823)
Aistriú (ó)/go Cuntas Caipitil		(791)	(21,715)
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe	7	(557,513)	3,591
Laghdú/(Méadú) i Réamhíocaíochtaí	7	(76,004)	52,269
(Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe	8	(159,595)	34,358
(Laghdú)/Méadú i bhFabhruithe	8	(415,712)	(50,683)
(Laghdú)/Méadú i bhForálacha	9	620,000	625,000
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(198,989)	(48,573)
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan-Insreabhadh Airgid/ (Eis-sreabhadh Airgid) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(198,989)	(48,573)
Torthaí ó Infheistíochtaí			
Ús Bainc		7,271	6,823
Caiteachas Caipitil			
Ceannach sócmhainní seasta	5	(20,178)	-
Maoiniú			
Méadú/ (Laghdú) i gCuntais Bhannaí Airgid Thirim & TPF	6	(3,938,169)	3,995,610
Bainistiú Acmhainní Leachtacha			
(Méadú)/Laghdú in airgead ar taisceadh	6	260,722	111,439
Méadú/(Laghdú) i bhFuílleach Airgid Thirim		(3,889,343)	4,065,299
Réiteach Glansreafa Airgid le Gluaiseacht sna Glanchistí			
Méadú/(Laghdú) in airgead tirim sa tréimhse		(3,889,343)	4,065,299
Airgead tirim a úsáideadh le hacmhainní leachtacha a mhéadú	6	(260,722)	(111,439)
Athrú ar Ghlanchiste		(4,150,065)	3,953,859
Glanchiste Tosaigh		19,724,431	15,770,572
Glanchiste Deiridh		15,574,366	19,724,431

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreafa Airgid agus na Nótaí 1 go 20.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

1. Bunú an Choimisiúin

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ar an 27 Feabhra 2001 faoi fhorálacha an Achta um Rialú Eitlíochta, 2001 (Uimh.1 de 2001)
Faoin Acht, arna leasú ag Acht Aerfoirt an Stáit, 2004 agus ag an Acht Eitlíochta, 2006, tá an Coimisiún freagrach as muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus muirir sheirbhíse na gcríochfort eitlíochta a rialú, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a cheadúnú in Éirinn, aer-iompróirí Éireannacha a cheadúnú, láimhseálaithe ar an talamh in Éirinn a fhaomhadh agus nósanna imeachta leithroinnte sealanna AE a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as cinntiú (faoi Rialachán AE 261/2004) go gcomhlíontar íoschearta na bpaisinéirí aeir i gcás moille, cealaithe agus bordála diúltaithe.
Maoinítear an Coimisiún as fáltais Tobhaigh Bhliantúil ar an údarás aerfoirt, soláthróir seirbhísí críochfort eitlíochta ag aerfoirt an Stáit, comhlachtaí atá faofa le seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, aeriompróirí a bhfuil ceadúnas oibriúcháin acu, aerlínte atá cláraithe in Éirinn agus chomh maith leis sin ó tháillí ceadúnais ó thionscnóirí turas agus ó ghníomhairí taistil.

2. Ioncam

Faigheann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá fhoinse, ioncam ó tháillí ceadúnais an trádála taistil agus ioncam ón tobhach.
Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta cumhachtaithe le rialacháin a dhéanamh a fhorálann do Thobhach a ghearradh. Is é is aidhm leis an Tobhach ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach.

	Táillí Ceadúnais na nGníomhairí Taistil	*Táillí Ceadúnais na dTionscnóirí Turas*	*Táillí Malla faighte ó Ghníomhairí agus ó Thionscnóirí*	*Leasú ar Tháillí Ceadúnais*	*Iomlán*	*2006*
	€	€	€	€	€	€
Táillí Ceadúnais	98,175	248,316	61,375	270	408,136	443,433

	Muirir Aerfoirt	*ATSC*	*Éascú Sceideal*	*Aeriompróir*	*Láimhseáil ar an talamh*	*Cosaint Tomhaltóirí*	*Iomlán*	*2006*
	€	€	€	€	€	€	€	€
Tobhach	2,152,351	325,493	806,011	38,000	57,600	365,881	3,745,336	2,675,170

3. Caiteachas

	Muirir Aerfoirt	ATSC	Éascú Sceideal	Aeriompróir	Láimhseáil ar an talamh	Trádáil Taistil	Cosaint Tomhaltóirí	Iomlán 2007	Iomlán 2006
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tuarastail	646,925	62,637	146,063	82,334	65,109	414,257	174,874	1,592,199	1,458,033
Costas Pinsin	30,686	2,871	5,784	3,003	2,235	5,756	3,894	54,229	52,182
Comhairleoireacht	364,867	63,349	22,528	47	43	24,571	120	475,525	539,434
Táillí Dlí	471,578	133	17,202	304	(14,722)	116	772	475,383	646,145
Cíos	129,533	7,723	10,075	14,809	13,333	73,324	36,343	285,140	283,356
Éascú Sceideal	-	-	298,265	-	-	-	-	298,265	329,235
Eile	252,893	25,146	22,365	28,102	26,176	138,355	112,746	605,783	547,799
Iomlán	1,896,482	161,859	522,282	128,599	92,174	656,379	328,749	3,786,524	3,856,184

4. Líon agus costais na foirne

	Muirir Aerfoirt	*ATSC*	*Éascú Sceideal*	*Aeriompróir*	*Láimhseáil ar an talamh*	*Trádáil Taistil*	*Cosaint Tomhaltóirí*	*Iomlán 2007*	*2006*
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tuarastail	575,746	55,878	129,364	72,030	56,618	324,821	137,144	1,351,601	1,230,954
PRSI - ar fhoireann íoctha ag an CRE	47,817	4,747	5,210	6,177	4,827	9,273	10,907	88,958	76,633
PRSI & Pinsean dlite don Roinn	12,944	1,085	10,279	2,007	1,721	47,878	5,243	81,157	82,551
Costas Foireann na Gníomhaireacht a Choinneáil	10,418	927	1,210	2,120	1,943	32,285	21,580	70,483	67,895
Iomlán	646,925	62,637	146,063	82,334	65,109	414,257	174,874	1,592,199	1,458,033

Is é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí á bhfostú ag an gCoimisiún le linn na bliana (lena n-áirítear naonúr ar sealaistriú ón Roinn Iompair agus ón Údarás Sábháilteachta ar na Bóithre), anailisithe de réir catagóra:

	2007	2006
Coimisinéir	1	1
Riarachán	4	4
Eacnamaíoch/ Cuntais	4	4
Dlí agus Ceadúnú	6	5
Trádáil Taistil	6	6
Meánlíon Iomlán na bhFostaithe Coibhéiseacha Lán-Aimseartha	21	20

5. Sócmhainní seasta intadhaill

	Trealamh Oifige	Troscán & Feistis	Trealamh Ríomhaire	Iomlán
	€	€	€	€
Costas i dtús na bliana	11,295	31,307	88,574	131,176
Breiseanna sa bhliain	11,368	-	8,810	20,178
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-
I ndeireadh na bliana	22,663	31,307	97,384	151,354
Dímheas carnta				
i dtús na bliaina	5,105	19,738	63,270	88,113
Muirear don bhliain	1,792	5,713	13,464	20,969
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-
I ndeireadh na bliana	6,897	25,451	76,734	109,082
Glanluach Leabhair amhail 31 Nollaig 2007	**15,766**	**5,856**	**20,650**	**42,272**
Glanluach Leabhair amhail 31 Nollaig 2006	6,190	11,569	25,304	43,063

6. Banc	2007 €	2006 €
Cuntais Bhainc – Cuntais Bhanna an Trádála Taistil	15,207,795	18,921,296
Cuntas Bainc – Ciste Cosanta Taistealaithe	4,169	228,837
	15,211,964	19,150,133
Cuntas Bainc – Cuntas Reatha CRE	354,498	306,246
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce CRE	7,195	267,917
Mionairgead	709	135
	15,574,366	19,724,431

Is suimeanna airgid iad Cuntais Bhanna na Trádála Taistil a chuirtear i dtaisce in ainm an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ar féidir úsáid a bhaint astu i gcás loicthe ag Tionscnóir Turas nó ag Gníomhaire Taistil. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-airgead seo a úsáid chun críche aon rud eile. Tugtar an t-airgead seo ar ais chuig an Solathróir Banna mura bhfuil gá leis. Mar sin, tá an dliteanas comhfhreagrach léirithe mar Chreidiúnaí: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

7. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin	2007 €	2006 €
Féichiúnaithe	797,627	240,114
Réamhíocaíochtaí	234,411	158,407
	1,032,038	398,521

8. Creidiúnaithe agus Fabhruithe atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin	2007 €	2006 €
Fabhruithe - Athbhreithniú Breithiúnach	160,614	284,000
- Eile	198,392	490,718
Creidiúnaithe – Táillí Comhairleoireachta	11,096	131,933
- Coimisinéirí Ioncaim ÍMAT/ÁSPC	25,917	46,500
- Coimisinéirí Ioncaim CBL	12,941	70,085
- Coimisinéirí Ioncaim PSWT	20,833	56,023
- Eile	133,736	59,577
	563,529	1,138,836

9. Forálacha do Dhliteanais agus do Mhuirir	2007 €	2006 €
Fuílleach amhail 1 Eanáir	625,000	-
Forálacha le linn na bliana – Athbhreithniú Breithiúnach	620,000	625,000
Fuílleach amhail 31 Nollaig	1,245,000	625,000

Bunaithe ar bhreithiúnais Chúirte go dtí seo, tá sócmhainní aisíoctha aitheanta ag an gCoimisiún de €590,000 maidir leis na costais dlí is ábhar do na forálacha seo. Tá an tsócmhainn sna féichiúnaithe.

1. Cionroinnt sealanna (Cás a glacadh i 2005)

Chuir Ryanair tús le himeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh in aghaidh an Choimisiúin i Meitheamh 2005 i ndáil le cinneadh an Choimisiúin in Aibreán 2005 chun Aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordaithe chun críche Rialachán AE 95/93 mar a leasaíodh. Cuireadh tús le héisteacht an cháis i mBealtaine 2006 agus bhí cinneadh na Cúirte, ar socraíodh air in Iúil 2006, i bhfabhar Ryanair agus dhámh an tOrdú Cúirte ina dhiaidh sin a chostais ar Ryanair. Ina dhiaidh sin, fuair an Coimisiún cead achomhairc in éadan an bhreithiúnais sa Chúirt Uachtarach agus tá an tAchomharc sin ar feitheamh. Go dtí seo níor iarr Ryanair a chostais. Léiríodh é seo i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin.

2. Cionroinnt sealanna (Cás a glacadh i 2007)

Chuir Ryanair tús le himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh chinntí an Choimisiúin i Feabhra 2007 Aerfort Bhaile Átha Cliath a shainiú mar aerfort comhordaithe. I Feabhra 2008, chinn Ryanair ar an gcás a thréigean agus scriosadh amach an t-ábhar. Dámhadh a chostais ar an Choimisiún agus táthar ag aisghabháil na gcostas faoi láthair. Léiríodh meastachán de thionchar airgeadais an cháis seo i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin mar fhéichiúnaí in-aisghabhála.

3. Muirir Aerfoirt (Ryanair – Cás a glacadh i 2007)

I Meán Fómhair 2007 chuir Ryanair tús le himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh Athbhreithniú an Choimisiúin ar a Chinneadh a rinneadh i 2005 faoi uasmhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (a rinneadh go príomha le clár méadaithe Caiteachais Chaipitil d'Aerfort Bhaile Átha Cliath a thabhairt san áireamh). Éisteadh an cás seo i Mí Feabhra 2008 agus dhíbh an Chúirt cás Ryanair ina iomláine, le hordú go bhfuil an Coimisiún i dteideal leathchuid dá chostais a fháil. Léiríodh meastachán de thionchar airgeadais an cháis seo i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin mar fhéichiúnaí in-aisghabhála.

	2007	2007	2006	2006
10. Cuntas Caipitil	€	€	€	€
Fuílleach amhail 1 Eanáir		43,063		64,778
Aistriú (chuig)/ó chuntais Ioncaim agus Caiteachais			-	
Airgead leithroinnte le sócmhainní seasta a fháil	20,178		-	
Méid amúchta de réir dímheasa sócmhainní	(20,969)		(21,715)	
Glanmhéid le haistriú		(791)		(21,715)
Fuílleach amhail 31 Nollaig		42,272		43,063

11. Pinsin

Oibríonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta scéimeanna maoinithe ranníocaíocha sochar-sainithe do bhaill foirne atá fostaithe go díreach, atá maoinithe le ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus ón gCoimisiún. Rinneadh luacháil achtúireach amhail 31 Nollaig 2007 – ag achtúire cáilithe neamhspleách – le riachtanais an FRS17 a thabhairt san áireamh. Ba iad seo na foshuímh phríomha a d'úsáid an t-achtúire leis na dliteanais faoi FRS17 a ríomh:

	Amhail bliain dar críoch 31/12/2007	Amhail bliain dar críoch 31/12/2006
Ráta méadaithe i dtuarastail	4.75% p.a.	4.25% p.a.
Ráta méadaithe in íocaíocht pinsin	4.75% p.a.	4.25% p.a.
Ráta lascaine	5.00% p.a.	5.00% p.a.
Ráta boilscithe	4.25% p.a.	2.75% p.a.

Ba iad seo a leanas sócmhainní na Scéime agus an ráta ionchasach torthaí:

	Ráta fadtéarmach torthaí amhail deireadh na bliana 31/12/2007	*Luach ag bliain dar críoch 31/12/07* €	*Ráta fadtéarmach torthaí 31/12/06*	*Luach ag bliain dar críoch 31/12/06* €
Cothromas	7.75% p.a.	509,630	7.75%	488,753
Ús seasta	4.75% p.a.	12,549	4.75%	67,096
Maoin	7.75% p.a.	79,477	7.75%	11,080
Airgead tirim	3.75% p.a.	95,512	3.75%	48,629
Luach iomlán margaidh na sócmhainní		697,168		615,558
Luach achtúireach dhliteanas na scéime		(965,348)		(655,178)
Barrachas/(easnamh) in-aisghabhála sa scéim		(268,180)		(39,620)

Léiríonn na rudaí seo a leanas an éifeacht ar na Ráitis Airgeadais

Anailís ar an Méid a muirearaíodh chuig barrachas/ (easnamh) oibriúcháin

	Bliain go 31/12/07 €	Bliain go 31/12/06 €
Costas reatha seirbhíse	67,173	79,014
Costais árachais de shochar riosca	2,406	2,548
Toradh glan ar scéim pinsin	(15,350)	(29,380)
Méid muirearaithe chuig barrachas / (easnamh) oibriúcháin	54,229	52,182

Anailís ar thoradh glan ar scéim pinsin

	Bliain go 31/12/07 €	Bliain go 31/12/06 €
Toradh ionchasach ar shócmhainní na scéime pinsin	48,109	44,844
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	(32,759)	(15,464)
Glan-toradh	15,350	29,380

Anailís ar mhéideanna aitheanta i ráiteas iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta (STRGL)

	Bliain go 31/12/07 €	Bliain go 31/12/06 €
Toradh iarbhír lúide toradh ionchasach ar shócmhainní scéime pinsin	(60,307)	11,670
Gnóthachain agus caillteanais taithí ag teacht aníos ar dhliteanais na scéime	12,489	16,923
Athruithe ar fhoshuímh bhunúsacha luach achtúireach dhliteanas na scéime	(180,592)	(147,172)
Gnóthachan/(easnamh achtúireach aitheanta i STRGL	(228,410)	(118,579)

Gluaiseacht i mbarrachas/(easnamh) le linn na bliana

	Bliain go 31/12/07 €	Bliain go 31/12/06 €
Barrachas/(Easnamh) sa scéim i dtús na bliana	(39,620)	79,970
Gluaiseacht sa bhliain		
Glanchostas Reatha Seirbhíse	(69,579)	(81,562)
Ranníocaíochtaí fostaitheora	54,079	51,171
Ioncam eile airgeadais	15,350	29,380
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(228,410)	(118,579)
Barrachas/ (easnamh) sa scéim i ndeireadh na bliana	(268,180)	(39,620)

Gnóthachain agus caillteanais taithí – Bliain Airgeadais go 31/12/07

	2007 €	2006 €	2005 €
Difríocht idir toradh ionchasach agus toradh iarbhír ar shócmhainní na scéime:			
Méid	(60,307)	11,670	53,055

Céatadán de shócmhainní na scéime	(8.6%)	1.9%	11.6%
Gnóthachain agus caillteanais taithí ar dhliteanais scéime:			
Méid	12,489	16,293	(11,428)
Céatadán dhliteanais na scéime	1.3%	2.6%	(3.0%)
Gnóthachan/ (caillteanas) achtúireach a aithnítear i ráiteas iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta:			
Méid	(228,410)	(118,579)	60,287
Céatadán de luach achtúireach dhliteanas na scéime	(23.7%)	(18.1%)	(16%)

Íocadh gach ranníocaíocht don bhliain de réir rialacha na scéime laistigh de tríocha lá de dheireadh na bliana.

12. Anailís ar Athruithe i gcistí glana

	Amhail 1 Eanáir 2007	Cashflows	Amhail 31 Nollaig 2007
	€	€	€
Airgead ar Láimh/ Banc	19,456,514	(3,889,344)	15,567,170
Cuntas Taisce	267,917	(260,721)	7,196
	19,724,431	(4,150,065)	15,574,366

13. Ceangaltais Chaipitil agus Ceangaltais Eile

Ní raibh ceangaltais ar bith ag an gCoimisiún, caipiteal nó eile, amhail dáta an chláir chomhardaithe.

14. Ceangaltais Léasa Oibriúcháin

Sa chlár thíos tugtar na ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin le cíos a íoc le linn na bliana i ndiaidh bhliain na gcuntas seo, anailísithe de réir na tréimhse ina dtéann an léas in éag.

Is iad seo na hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin

Talamh agus foirgnimh	
	€
Dul as feidhm laistigh de 1 bhliain	-
Dul as feidhm tar éis bliain amháin ach nach faide ná 5 bliana	271,800
Dul as feidhm ina dhiaidh sin	-

15. Barrachas/ (Easnamh)

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta cumhachtaithe le rialacháin a dhéanamh a fhorálann do thobhach a ghearradh. Tá an Tobhach ann le costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach. Tugtar aon bharrachas/easnamh in aon bhliain ar aghaidh agus frítháirítear é in aghaidh an Tobhaigh chomh luath agus is féidir i ndiaidh iniúchadh na ráiteas airgeadais don bhliain.

16. Athbhreithniú Breithiúnach

1. Muirir Aerfoirt (DAA – Cás a glacadh i 2001)
I ndiaidh don Choimisiún Bille Costais a chur isteach chuig Cuntasóirí Costais DAA go mall i 2006, d'fhan an Coimisiun le freagra maidir leis an gcreat ama do dhíospóireachtaí faoi shocraíocht. Cuireadh tús leo seo i lár 2007 agus ba é an toradh a bhí orthu ná gur aontaíodh ar shocrúchán de €1,077,543. Níor aontaíodh ar dhá eilimint de na costais, áfach (dar n-iomlán tuairim is €1,818m.), agus mar sin b'éigean dóibh sin dul ar aghaidh chuig cánachas. Tá éisteacht déanta ag an Máistir Cánach cheana féin ar chatagóir amháin costas, agus tá an Coimisiún ag feitheamh leis an gcinneadh sin a fháil, agus fanann an tacar eile costas le dul ar aghaidh chuig cánachas mura ndéantar socrú faoi idir an dá linn. Tá na costais seo go léir i gcuntas ag an gCoimisiún cheana féin. Is é atá le déanamh fós, go gcaithfidh an chaidhp phraghais ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a laghdú don mhéid ar aontaíodh air.

2. Muirir Aerfoirt (Ryanair – cás a glacadh i 2005)
D'iarr Ryanair cead go mall i 2005 Athbhreithniú Breithiúnach a iarraidh in éadan chinneadh an Choimisiúin i Meán Fómhair 2005 maidir le huasleibhéal na muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin, chinn Ryanair gan dul ar aghaidh leis an gcás agus d'aontaigh sna tosca sin na costais dlí a chaith an Choimisiún agus iad ag freagairt don Athbhreithniú Breithiúnach a íoc (69,145). Léiríodh é sin i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin. Ó dheireadh na bliana, tá sé socraithe ag an gCoimisiún méid chuí na gcostas iomlán a aisghabháil ó Ryanair.

3. Láimhseáil ar an Talamh (Cás a glacadh i 2005)
Ghlac Ryanair imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh an Choimisiúin i 2005 maidir le cinneadh an Choimisiúin faomhadh a thabhairt d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath táillí cíosa a ghearradh as deascanna seiceála isteach a úsáid. Éisteadh an cás san ArdChúirt i mBealtaine 2006 agus tugadh cinneadh na Cúirte go mall i 2006. Dhíbh an Chúirt dúshlán Ryanair agus dhámh a chostais ar an gCoimisiún (£132,482). Léiríodh é seo i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin. Ó dheireadh na bliana, tá aisghabháil mhéid iomchuí na gcostas iomlán ó Ryanair socraithe ag an gCoimisiún.

17. Dliteanas Teagmhasach
Tá an Coimisiún ag cosaint roinnt ghníomhaíochtaí dlí fostaíochta. Ní féidir aon oibleagáidí airgeadais ag teacht as cinneadh deiridh na gcaingean sin bheith ann ach de thoradh chinntí na nUaschúirteanna, atá go huile agus go hiomlán lasmuigh de smacht an Choimisiúin agus nach féidir a dtionchar a thomhas le go leor cruinnis. Mar sin, níor cuireadh aon mhéid ar fáil maidir le toradh na gcásanna seo i gCuntais 2007.

18. Comparáidigh
Tá roinnt figiúirí comparáideacha athghrúpaithe nó athshonraithe ar an mbonn céanna leo siúd don bhliain reatha.

19. Dearbhú Leasa – Coimisinéir agus Foireann

Chomhlíon an Coimisinéir agus an fhoireann le riachtanais Alt 17 (Dearbhú Leasa) den Acht um Choimisiún um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ní raibh aon idirbheartaíochtaí ag an gCoimisiún sa bhliain ina raibh aon leas ag an gCoimisinéir iontu.

20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Coimisinéir na ráitis airgeadais seo ar 27 Meitheamh 2008.